ECDC CORPARÁIDEACH

# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra 2010

Achoimre

In 2010, d'éirigh le ECDC formhór dá Chlár Oibre a chur i bhfeidhm. Ag an am céanna, d'éirigh leis a aschur a mhéadú, a struchtúir a chomhdhlúthú agus a chomhpháirtíochtaí a fhorbairt sa bhreis d'fhonn déileáil leis an ngá atá le freagairt ar bhonn níos éifeachtaí don bhaol a bhaineann le galair thógálacha san Eoraip. Den chéad uair riamh, le cois phríomhghnóthachtálacha an Ionaid in 2010 a chur i láthair, tá Cuid II nua ar fáil anois ar an láithreán gréasáin ina dtuairiscítear ar dhul chun cinn maidir le gach gníomh atá luaite i gClár Oibre ECDC 2010.

## Acmhainní

In 2010, mhéadaigh an buiséad go dtí EUR 57.8 milliún, ar aon dul le *Clár Straitéiseach Ilbhliantúil 2007-2013* de chuid ECDC.

## Obair a bhaineann le galair

Lean ECDC le forbairt a dhéanamh ar uirlisí le haghaidh oibre eolaíochta, gníomhaíochtaí faireachais, bunachair shonraí agus líonraí agus le forbairt acmhainne agus oiliúint a eagrú don sé ghrúpa galar faoina chúram. Bhí sé seo i gcomhréir leis an gClár Oibre Bliantúil agus leis na *Straitéisí do chláir ghalar-shonracha 2010–2013*, arna bhfaomhadh ag an mBord Bainistíochta in 2009.

Tá **ionfhabhtuithe sa chonair riospráide** foroinnte i dtrí réimse faoi leith: an fliú, eitinn agus galar na Léigiúnach. I ndáil leis an bh**fliú**, chuir ECDC le meastóireachtaí náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a rinneadh ar láimhseáil na paindéime A(H1N1). D'fhonn tacú leis an obair atá ar bun ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, thug ECDC léargas ar éifeachtacht na vacsaíne paindéime, chuir sé tús le dhá staidéar eolaíochta ar theagmhais dhiúltacha féideartha agus d'fhoilsigh sé meastacháin maidir le húsáid na vacsaíne. Lena chois sin, chuir ECDC tús le faireachas Eorpach níos déine ar ghalar agus ar bhásanna tromchúiseacha de dheasca an fhliú. I ndáil leis an bhfliú séasúrach, d'fhorbair ECDC measúnuithe riosca do shéasúr 2010–2011, mar aon le hobair chumarsáide a chomhdhlúthú agus tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún chun Moladh Chomhairle Sláinte an AE 2009 maidir leis an vacsaín don fhliú séasúrach a chur i bhfeidhm. I ndáil le h**eitinn**, ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach, lean ECDC ag cur leis an obair a rinneadh faoi scáth an *Chreat-Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an Eitinn san Aontas Eorpach*, a d'áirigh comhairliúchán forleathan leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara an AE. Chomh maith leis sin, chuir ECDC lena ghníomhaíochtaí faireachais sna réimsí seo a leanas; TB-VEID, frithsheasmhacht ildrugaí agus torthaí cóireála, agus d'fhoilsigh sé an dara tuarascáil comhpháirteach faireachais ECDC/WHO ar Eitinn. Rinneadh tuilleadh forbartha ar Líonra Saotharlainne Tagartha na hEorpa don Eitinn, a

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, Stócólm, 2011

bunaíodh in 2009, agus lean ECDC ar aghaidh ag soláthar comhairle, treorach agus tacaíochta eolaíochta do na Ballstáit. San áireamh san obair a rinneadh i ndáil le **Galar na Léigiúnach** bhí críoch a chur le comhtháthú an líonra tiomnaithe faireachais ag ECDC, obair ar cuireadh críoch léi in Aibreán 2010. Bunaíodh grúpa comhordaithe agus reáchtáladh an chéad chruinniú riamh den ghrúpa seo. Cuireadh tús le tacaíocht saotharlainne a sholáthar do Bhallstáit, agus leagadh béim faoi leith ar dhearbhú cáilíochta agus ar thacaíocht a sholáthar agus ráigeanna á n-iniúchadh, lena n-áirítear fardal ar acmhainn saotharlainne. Thángthas ar chomhaontú freisin faoi fhorbairt na mboscaí uirlisí a bheidh á seachadadh in 2011.

I dáil le h**ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, lena n-áirítear VEID/SEIF agus víris fhuil-iompartha**, d'fhoilsigh ECDC a thuarascáil bhliantúil faireachais VEID/SEIF mar aon le doiciméad treorach faoi thástáil VEID/SEIF. Seoladh roinnt tionscadal (bunaithe ar IGT agus VEID a chosc i measc fear a mbíonn gnéas acu le fir eile agus ar theagmhas agus cosc VEID ina measc siúd a úsáideann drugaí trí instealladh) agus rinneadh breis forbartha ar thionscadail eile nach iad (faireachas iompraíochta bainteach le IGTanna, imirce agus VEID agus páirtithe a chur ar an eolas) in 2010. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ECDC tuarascáil monatóireachta ar chur i bhfeidhm Dhearbhú Bhaile Átha Cliath agus forbraíodh creat chun cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta AE ar VEID/SEIF 2009–2013 a mhonatóiriú. I ndiaidh suirbhé agus tuarascáil uile-AE, rinneadh athbhreithniú chomh maith céanna ar na córais faireachais agus choiscthe atá i bhfeidhm le haghaidh heipitítis B agus C agus bunaíodh líonra AE le haghaidh heipitítis B agus C. Os a choinne sin, cuireadh an tionscadal micribhitheolaíochta IGT i bhfeidhm, tionscadal a dhíríonn ar sho-ghabháltacht faireachais frithmhiocróbaigh ghonacocúil, agus foilsíodh tuarascáil. Bailíodh sonraí faoin gcúig IGT agus foilseofar na torthaí in 2011.

I ndáil le **galair a iompraítear i mbia agus in uisce agus zónóisí,** rinne ECDC anailís ar fhaireachas a rinneadh ar 12 galar daonna a áiríodh i d*Tuarascáil an AE ar Threochtaí agus ar Fhoinsí Zónóisí, Ghníomhaithe Zónóiseacha agus ráigeanna bia-iompartha san Aontas Eorpach in 2009* [] * arna fhoilsiú an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia (EFSA). Cuireadh tús freisin leis an gcéad staidéar comhpháirteach uile-AE ar listéaróis. I mí an Mhárta 2010, seoladh ardán TF d'fhonn fiosrúcháin phráinneacha a roinnt agus brath agus iniúchadh ráigeanna ilnáisiúnta bia-iompartha a phlé. Chomh maith leis sin, tá tús curtha le córas faireachais mhóilínigh a fhorbairt.

I ndáil le **galair nua agus veicteoir-iompartha,** chomhdhlúthaigh ECDC an líonra le haghaidh feithideolaithe leighis agus saineolaithe sláinte poiblí ar ghalair artrapód veicteoir-iompartha (VBORNET), líonra a bunaíodh i Meán Fómhair 2009. Chruthaigh an líonra seo na chéad léarscáileanna dáileacháin maidir le leathnú an speicis ionraigh mhuiscítí agus an faireachas atá á dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, chuir VBORNET tús le sonraí do na grúpaí eile speicis a bhailíochtú. Bunaithe ar shuirbhé a rinneadh in 2010 ar ghníomhaíochtaí agus ar riachtanais na mBallstát, táthar i mbun straitéise a fhorbairt faoi láthair chun faireachas a dhéanamh ar na príomh-veicteoirí galar-daonna. I ndáil le galair sceartán-iompartha, bhí an obair a rinne ECDC leis na saineolaithe dírithe ar stádas infhógartha na ngalar seo. Ar deireadh, dírigh an líonra ECDC ar ghalair víreasacha iompórtáilte a chuid gníomhaíochtaí ar fhreagairt do ráigeanna na Níle Thiar, ar dhearbhú cáilíochta seachtrach agus ar thacaíocht oiliúna do mhicribhitheolaithe i mBallstáit.

I ndáil le **galair inchoiscthe trí vacsaíniú**, d'fhoilsigh ECDC doiciméid treorach agus staidéir faoi ghalar ionrach meiningeacocúil, vacsaíniú bhruitíneach-phlucamas-bhruitíneach dhearg agus ionfhabhtuithe rótaivíris. Rinneadh suirbhéanna freisin ar vacsaíniú in aghaidh an fhliú paindéime agus séasúraigh. Cuireadh doiciméad comhthola maidir le measúnú ar chumhdach vacsaíní a chaighdeánú i dtoll a chéile agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina uirlis thábhachtach d'fhonn breis comparáide agus tagarmharcála a dhéanamh ar leibhéal an AE. Reáchtáladh an dara comhdháil Eurovaccine i mí na Nollag 2010. Neartaíodh na gníomhaíochtaí faireachais, trí scéimeanna seachtracha dearbhaithe cáilíochta (meiningíteas agus an fliú) mar aon le cleachtadh a bhí dírithe ar acmhainn saotharlainne (niúmóine) ar fud na hEorpa a léarscáiliú. Cuireadh críoch le haistriú DIPNET (líonra le haghaidh faireachais diftéire) agus cuireadh tús le próiseas le haghaidh EUVACNET (an bhruitíneach, an bhruitíneach dhearg, triuch agus varicella). Trína thionscadal VAESCO atá dírithe ar theagmhais leighis a bhféadfadh nasc a bheith acu leis na vacsaíní paindéime, tá iniúchadh déanta ag ECDC ar shiondróm Guillain-Barré (gan comhcheangal) agus ar narcailéipse (an staidéar fós ar feitheamh).

I ndáil le **frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte**, ceann de na príomh-nithe a tharla in 2010 ba ea comhtháthú an Líonra Eorpach Faireachais um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (EARS-Net) san ECDC. Sheol an líonra láithreán gréasáin nua, bunachar sonraí idirghníomhach san áireamh, agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil in 2009. Chomh maith leis sin, rinne ECDC measúnú cuimsitheach ar an mbaol atá ann go dtáirgfeadh baictéir einsím nua a bheadh mar bhonn le frithsheasmhacht ildrugaí, go háirithe New Delhi metallo-beta-lactamase (NDM-1), agus forbrófar doiciméad treorach do Bhallstáit gan mhoill. Imeacht suntasach amháin eile ba ea an tríú Lá Bliantúil Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh, a chomhordaigh ECDC i mí na Samhna 2010. Tarraingíodh aird go leor daoine ar fud na

---

* Tuarascáil Achomair an Chomhphobail ar Threochtaí agus ar Fhoinsí Zónóisí, Ghníomhaithe Zónóiseacha agus ráigeanna bia-iompartha san Aontas Eorpach in 2009

hEorpa ar an imeacht seo, a bhí dírithe ar úsáid stuama a bhaint as antaibheathaigh in ospidéil, agus scríobhadh 226 alt de thoradh an imeachta seo idir an 20 Deireadh Fómhair agus an 3 Nollaig. Ar deireadh, thacaigh ECDC le Moltaí Chomhairle an AE faoi shábháilteacht othar, lena n-áirítear ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte (2009/C 151/01) a chosc agus a rialú, agus faoi úsáid stuama a bhaint as frithmhiocróbaigh i leigheas daonna (2002/77/CE) trí mhodheolaíocht a fhorbairt chun suirbhéanna ponctheagmhasachta a dhéanamh ar ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte agus ar úsáid fhrithmhiocróbach in ospidéil ghéarchúraim. Chomhordaigh ECDC na chéad suirbhéanna píolótacha i 66 ospidéal i 23 tír, suirbhéanna a raibh beagnach 20 000 othar páirteach iontu.

# Feidhmeanna sláinte poiblí

Tá feidhmeanna sláinte poiblí bunaithe go daingean anois agus tá tús curtha le céim comhdhlúthaithe agus mionchoigeartaithe breise.

# Faireachas

Faoi dheireadh 2010, bhí 11 den 17 líonra faireachais tiomnaithe a bhí ag feidhmiú in 2005 aistrithe chuig TESSy. B'éigean roinnt gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú mar nach bhfuil dóthain saineolais ag ECDC sna réimsí seo go fóill. Thacaigh ECDC le húsáideoirí TESSy sna Ballstáit freisin. I mí na Samhna 2010, d’fhaomhadh an Bord Bainistíochta nós imeachta maidir le sonraí faireachais ó TESSy a roinnt le tríú páirtithe. Bailíodh go leor sonraí in 2010 agus, mar aon lena Thuarascáil Eipidéimeolaíoch Bhliantúil, d’fhoilsigh ECDC tuarascálacha sonracha faireachais ar zónóisí, eitinn, VEID/SEIF agus an fliú. Os a choinne sin, cuireadh críoch leis an gcéad chéim den tionscadal dearbhaithe cáilíochta sonraí agus rinneadh athbhreithniú ar an toradh. Anois tosóidh ECDC agus na Comhlachtaí Inniúla faireachais ar phlé a dhéanamh ar shraith chritéar íos-chaighdeáin a fhorbairt le haghaidh feidhmiú na gcóras faireachais éifeachtaigh a chomhlíonfaidh éilimh an AE.

# Tacaíocht eolaíochta

Rinne ECDC tuilleadh forbartha ar a thacaíocht eolaíochta trí chomhdháil bhliantúil ESCAIDE a eagrú i Liospóin ón 11–13 Samhain 2010. Leanadh leis an obair ar shamhaltú matamaiticiúil agus forbraíodh samhlacha le haghaidh VEID, cuireadh tús le cláir vacsaínithe le haghaidh varicella agus rinneadh ionsamhlú de na héifeachtaí a bheadh ag dúnadh scoile i rith paindéime den fhliú. Lean ECDC lena thionscadal comhshaoil agus eipidéimeolaíochta (tionscadal E3) a fhorbairt, agus aistríodh na bunachair shonraí mhóra EDEN chuig ECDC. I ndáil leis an deacracht a bhaineann agus a bhainfidh le galair thógalacha san Eoraip, comhaontaíodh agus tástáladh modheolaíocht le haghaidh ceithre ghalar sna ceithre Bhallstát. Os a choinne sin, d'fhorbair ECDC próiseas foirmiúil le haghaidh comhairle eolaíochta a sheachadadh, bunaíodh córas chun iarratais a thaifeadadh agus a fhreagairt agus chun bunachar sonraí saineolaithe a fhorbairt. In 2010, chuir ECDC tús le hobair cheannródaíoch in oiliúint modheolaíochtaí fianaise-bhunaithe i réimse eipidéimeolaíocht na ngalar tógálach. Lean ECDC ag obair ar roinnt ceisteanna tábhachtacha i gcomhpháirt le Lárionaid Náisiúnta Mhicribhitheolaíochta.

# Ullmhacht agus freagairt

In 2010, cuireadh ardán nua le déileáil le measúnú riosca agus le ceisteanna bainteach le bainistíocht riosca i bhfeidhm d'fhonn cur le EWRS (Córas Luathrabhaidh agus Freagartha). Rinne ECDC measúnú agus monatóiriú ar na rioscaí a bhain le galair thógálacha ag cúig imeacht a raibh na sluaite i láthair iontu. Tuairiscíodh 89 bagairt ábhartha i gcomhthéacs an AE san EWRS atá faoi chúram ECDC. Ar an iomlán, cuireadh 32 measúnú ar bhagairt i dtoll a chéile agus roinneadh iad leis na Ballstáit. Lena chois sin, sholáthair ECDC saineolaithe ar an láthair le tacú le Ballstáit déileáil le ráigeanna den bhruitíneach sa Bhulgáir, víreas na Níle Thiar sa Ghréig, agus calar lasmuigh den AE in Háítí. Foilsíodh treoirlínte maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhain le tarchur galar tógálach ar bord aerárthaí agus long cúrsála. Bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó phaindéim an fhliú A(H1N1), rinne ECDC athbhreithniú ar a Phlean Inmheánach Oibríochtaí um Theagmhais Sláinte Poiblí (PHE-OP). Ba in 2010 a rinneadh na cleachtaí ionsamhlaithe seo agus ghlac ECDC páirt i gceithre chleachtadh a d’eagraigh na Ballstáit agus an Coimisiún.

# Oiliúint

Ba é a bhí i gceist sna gníomhaíochtaí oiliúna chun acmhainn a fhorbairt ná cláir chomhaltachta dhá bhliain dála EPIET agus EUPHEM. I ndiaidh EPIET a mheas, cuireadh rogha do na Ballstáit san áireamh in obair reatha an AE, d'fhonn cur le húinéireacht na mBallstát ar an gclár. Eagraíodh 19 turas ar fad chuig Ballstáit mar chuid de ghníomhaíochtaí inmheánacha dearbhaithe cáilíochta na gclár EUPHEM agus EPIET. Chomh maith leis sin, d'eagraigh ECDC cláir oiliúna níos sonraí agus d'fhorbair sé an Lámhleabhar Wiki ar Eipidéimeolaíocht Allamuigh (FEM Wiki).

# Cumarsáid sláinte

In 2010, d'eisigh ECDC 35 foilseachán eolaíochta. Is ionann láithreán gréasáin nua ECDC, a seoladh in 2009, agus foinse thábhachtach eolais don Eoraip maidir le ceisteanna sláinte poiblí, agus íoslódáladh breis is 70 000 comhad in 2010. Seoladh sraith de sheacht Spotsholas ar an láithreán gréasáin chun aird a tharraingt ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le galair thógálacha. Tá an fhoinse eolais seo dírithe ar shaineolaithe sláinte poiblí, mar aon le cleachtóirí, polaiteoirí agus an pobal i gcoitinne. Thug leathmhilliún duine nach mór cuairt ar an láithreán gréasáin nua in 2010. Chomh maith leis sin, seoladh ardáin nua inlín agus 'eislíon'. Anuas air sin, d'fhoilsigh Eurosurveillance 307 alt, 100 cumarsáid ghasta a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu agus 105 alt fada a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu. Tá ECDC ag leanúint le forbairt a dhéanamh ar thaighde ar chumarsáid sláinte agus ag tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide sláinte na mBallstát, go háirithe trí úsáid a bhaint as foireann uirlisí cumarsáide.

# Comhpháirtíochtaí

In 2010, chinn ECDC an bealach a bhí aige oibriú leis na Ballstáit a fheabhsú agus a shimpliú: ó 2011 ar aghaidh, ainmneofar Comhlacht Inniúil comhordaithe amháin i ngach tír. Eagraíodh cuairt a thabhairt ar roinnt tíortha in 2010, leanadh leis an tionscadal maidir le heolas faoi thíortha agus leanadh leis an gcomhoibriú idir na tíortha AE ar iarrthóirí agus iarrthóirí poitéinsiúla iad. Cuireadh feabhas ar chaidreamh idir-insitiúideach le Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí (Uachtaránachtaí an AE san áireamh), an Coimisiún Eorpach, gníomhaireachtaí Eorpacha eile, WHO agus piar-institiúidí ECDC sna Stáit Aontaithe, sa tSín agus i gCeanada.

# Ceannaireacht

I mBealtaine 2010, chuir Stiúrthóir nua ECDC tús le 'clár oibre inbhuanaithe ECDC le haghaidh 2010–2011'. Mar chuid den tasc seo bunaíodh 15 grúpa oibre chun feabhas sa phróiseas a phlé i roinnt réimsí straitéiseacha, lena n-áirítear beartas, comhpháirtíochtaí, agus airgeadas. Ba é a bhí mar thoradh ar an bpróiseas gur cuireadh sraith tograí praiticiúla faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena gceadú. Dá thoradh seo, ghlac ECDC le sraith luachanna don eagraíocht: ba chóir go mbeadh an eagraíocht tiomanta do chaighdeán agus do sheirbhís, agus ag feidhmiú mar aon fhoireann amháin. Eagraíodh trí chruinniú leis an mBord Bainistíochta agus ceithre chruinniú leis an bhFóram Comhairleach in 2010, agus feabhas le tabhairt faoi deara sa chumarsáid agus sa tacaíocht trí 'eislíon' tiomnaithe comhoibríoch. Den chéad uair riamh, bhí figiúirí buiséid le haghaidh gach gníomhaíocht san áireamh sa Chlár Oibre ar ghlac an Bord Bainistíochta leis i mí na Samhna 2010. Seoladh an dara leagan den Chóras Faisnéis Bhainistíochta, a úsáidtear chun an Clár Oibre a phleanáil agus a mhonatóiriú, i mí Iúil 2010. Tá ECDC anois ag glacadh le bainistíocht cáilíochta mar chuspóir straitéiseach agus seoladh próiseas bainistíochta cáilíochta mar gur roghnaíodh an Comhchreat Measúnaithe (CAF) mar an rogha uirlise chun dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm in ECDC ó 2011 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, bhunaigh an Coiste Foirne Grúpa Glas agus é mar aidhm acu tionchar ECDC ar an gcomhshaol a laghdú.

# Riarachán

Lean an tAonad Bainistíochta Acmhainní ag tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla ECDC i rith na bliana. Ba é 2010 an bhliain deiridh ar tugadh méadú i mbuiséad ECDC faoi deara (faoi +20%) a thug an buiséad cothrom le EUR 57.8 milliún. Earcaíodh roinnt comhaltaí foirne nua agus ar an 31 Nollaig 2010 bhí 254 comhalta foirne ag obair do ECDC.